

Sliocht as leabhar Amós fáidh

Téigh agus tairgir do mo phobal.

Dúirt Amasía le hAmós: ‘Imigh leat, a fháidh, fill ar thír Iúda: saothraigh do chuid aráin ansin, déan do chuid tairngreachta ansin. Níl do thairngreacht uainn anseo i mBétél; sanctóir an rí agus teampall na ríochta is ea an áit seo.’

D’fhreagair Amós Amasía ansin: ‘Ní fáidh mé ná mac fáidh, ach aoire agus coimeádaí seiceamar; ach ba é an Tiarna a thóg mé ón bhuachailleacht agus ba é a dúirt liom: “ Téigh agus tairgir do mo phobal Isráel”.’

Briathar an Tiarna.

SALM LOINNEOGACH

Sm 138: 1-3, 7-10, 13-14; 1 v 9-10

Scrúdaíonn tú mé, a Thiarna, is eol duit mé.

I eol duit mo shuí agus m’éirí.

Tuigeann tú mo smaointe i bhfad uait.

Ag siúl dom agus i mo luí dom, feiceann tú mé;

tugann tú faoi deara mo shlite go léir.

L: Déan mé a sheoladh sa tslí shíoraí, a Thiarna.

Cá háit a rachaidh mé ó do spiorad,

nó cá háit a dteithfidh mé ó d’aghaidh?

Má théim suas ar neamh, tá tú ann;

má chóirím mo leaba i Seól, tá tú ann. **L**

Má ghabhaim sciatháin na maidine,

má chónaími gcríocha imchianta na mara,

ansin féin treoróidh do lámh mé

agus coinneoidh do dheasláimh mé. **L**

Óir is tusa a chruthaigh mé ar fad;

d’fhigh tú mé i mbroinn mo mhathar.

Molaim thú toisc go ndearnadh ar chuma chomh

hiontach mé,

toisc gurb éachtach iad d’oibreacha. **L**

AN DARA LÉACHT

1 Teas 2:2-8

Sliocht as céadlitir N. Pól chuig na Teasalónaigh Ní dhearnamar plámás libh riamh.

Fuaireamar de mhisneach ó Dhia a dhea-scéal a fhógairt daoibhse d'ainneoin fhreasúra láidir. Ní mearbhall aigne ná drochintinn a bhí dár spreagadh ná ní ag iarraidh daoine a mhealladh a bhíomar; ach de bhrí gurbh fhiú le Dia sinn a dhea-scéal a chur inár gcúram, craolaimid é dá réir, ní d'fhonn daoine a shásamh ach d'fhonn Dia a shásamh, mar is eisean a phromhann ár n-intinn. Agus mar is eol daoibh féin, ní dhearnamar plámás libh riamh, agus tá a fhios ag Dia nach ar scáth na sainte a bhíomar ag obair ná ag lorg molta ó dhaoine, uaibhse ná eile, cé go bhféadfaimis bheith teann oraibh mar thoscairí ó Chríost. Ach bhíomar chomh séimh, fad a bhíomar in bhur measc, le banaltra ag muirniú a páistí. Bhíomar chomh ceanúil sin oraibh go rabhamar sásta ní amháin an dea-scéal a roinnt oraibh ach ár n-anam féin a roinnt oraibh chomh maith, agus a ansa linn a bhí sibh.

Briathar an Tiarna.

COMHGHÁR AN tSOISCÉIL

Lc 4:11-19

Glóir duit, a Chríost, is tú Briathar Dé!
Chuir an Tiarna uaidh mé
ag tabhairt an dea-scéal do na bochta,
ag fógairt a scaoilte do bhraighde.
Glóir duit, a Chríost, is tú Briathar Dé.

AN SOISCÉAL

Lc 5:1-11

Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Lúcas D'fhágadar gach uile ní agus leanadar é.

San am sin bhí an slua ag brú isteach ar Íosa ag éisteach le briathar Dé. Bhí sé ina sheasamh ar bhruach Loch Genéasaret, agus chonaic sé dhá bhád ina luí ar chladach an locha: bhí na hiascairí tar éis teacht amach astu agus iad ag ní na líonta. Chuaigh sé isteach i mbád acu, bád Shíomón, agus d'iarr air tarraingt amach beagán ón talamh: ansin shuigh, agus thosnaigh ag teagasc na sluaite as an mbád. Nuair a stad sé den chaint, dúirt le Síomón: 'Tarraing amach san uisce domhain agus cuirigí amach bhur líonta ag iascach.' D'fhregair Síomón agus dúirt: 'A Mháistir, thugamar an oíche go léir ag saothrú agus níor thógamar aon ní; ach i ngeall ar d'fhocalsa, cuirfidh mé amach na líonta.' Nuair a rinneadar é sin, cheapadar clais mhór éisc. Bhí a gcuid líonta ag briseadh, agus sméideadar ar

a gcomráidithe sa bhád eile teacht i gcabhair orthu. Thánadar, agus líonadar an dá bhád nó go raibh siad ar tí dul faoi. Nuair a chonaic Síomón Peadar é sin, chaith sé é féin ag glúine Íosa ag rá: ‘Imigh uain, a Thiarna, mar is peacach mé.’ Óir ghabh alltacht é féin agus a chompánaigh uile faoin nghabháil éisc a thógadar agus mar an gcéanna do Shéamas agus d’Eoin, clann Zeibeidé, a bhí i bpáirt le Síomón. Agus dúirt Íosa le Síomón: ‘Ná bíodh eagla ort, as seo amach is daoine a bheidh tú ag ghabháil.’ Agus tharraingeadar na báid aníos ar an trá, d’fhágadar gach uile ní agus leanadar é.

Soiscéal an Tiarna.